AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2026
COM(2026) 512 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle agus fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail agus na hionchais a bheidh ann amach anseo

AN CEATHRÚ TUARASCÁIL

{SWD(2026) 285 final} - {SWD(2026) 286 final}

1 RÉAMHRÁ 3
2 DRAMHAÍL RADAIGHNÍOMHACH AGUS BREOSLA SPÍONTA SAN AONTAS EORPACH 4
2.1 Bunús na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta 4
2.2 Meastacháin fardail 4
3 BAINISTIÚ SÁBHÁILTE AGUS FREAGRACH DRAMHAÍOLA RADAIGHNÍOMHAÍ AGUS BREOSLA SPÍONTA 6
3.1 Creataí agus cláir náisiúnta 6
3.2 Údaráis inniúla 6
3.3 Beartais chiorclaíochta agus diúscartha 7
3.4 Measúnuithe costais agus maoiniú 7
3.5 Faireachán agus tuairisciú ar chláir 8
3.6 Trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí 8
4 CONCLÚIDÍ 8

1 RÉAMHRÁ

Faoi Airteagal 14(2) de Threoir 2011/70/Euratom([1]) ón gComhairle maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta ([2]) agus dramhaíola radaighníomhaí ([3]) (‘an Treoir’), ní mór don Choimisiún an méid seo a leanas a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthrialta:

- tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Treorach;
- fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (‘an Comhphobal’) agus na hionchais a bheidh ann amach anseo.

Tá an fhaisnéis a chuirtear i láthair bunaithe ar thuarascálacha náisiúnta na mBallstát, a bhíonn dlite gach 3 bliana de réir Airteagal 14(1) den Treoir; ba é an 23 Lúnasa 2024 an sprioc-am tuairiscithe deireanach do na Ballstáit. Cumhdaítear an tréimhse 2021-2023 leis an gceathrú tuarascáil seo. Tá dhá dhoiciméad inmheánacha oibre ag gabháil leis an tuarascáil:

- cuireann ceann amháin an staid fhoriomlán i láthair sa Chomhphobal bunaithe ar anailís an Choimisiúin ar na tuarascálacha náisiúnta;
- doiciméad ina gcuirtear i láthair fardal an Aontais Eorpaigh de dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta agus na hionchais a bheidh ann amach anseo, arb í mí na Nollag 2023 a dháta tagartha.

Chuir an Coimisiún trí thuarascáil ar dhul chun cinn i láthair roimhe seo – in 2017, 2019 agus 2024, agus tugtar forbhreathnú cuimsitheach i ngach ceann acu ar chur chun feidhme na Treorach. Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar líon beag athruithe nó forbairtí i gcomparáid leis an staid a cuireadh i láthair i dtuarascáil 2024([4]); dá bhrí sin, tá an chuid is mó de chonclúidí an Choimisiúin fós bailí. In 2025, sheol an Coimisiún an mheastóireacht ar an Treoir, mar aon leis an meastóireacht ar Threoir 2006/117/Euratom ón gComhairle maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ([5]) .

Tugtar forbhreathnú i Roinn 2 ar fhardail dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta sa

([1]) Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/70/oj).

([2]) Is é atá i gceist le breosla spíonta ‘breosla núicléach atá ionradaithe i gcroí imoibreora agus a baineadh go buan as croí imoibreora’ (Airteagal 3(11) den Treoir) agus nach féidir é a úsáid a thuilleadh sa riocht ina bhfuil sé. Gintear é trí imoibreoirí núicléacha a oibriú le haghaidh giniúint cumhachta, taighde, oiliúna agus taispeána.

([3]) Is éard is dramhaíl radaighníomhach ann ‘ábhar radaighníomhach i bhfoirm ghásach, leachtach nó sholadach nach bhfóráiltear nó nach meastar aon úsáid eile ina leith’ (Airteagal 3(7) den Treoir) agus atá aicmithe mar dhramhaíl radaighníomhach. Baineann a giniúint le leictreachas a tháirgeadh i ngléasraí cumhachta núicléiche nó le húsáidí ábhar radaighníomhach nach mbaineann le cumhacht chun críoch leighis, taighde, tionsclaíoch agus talmhaíochta. Féach SWD(2026) 286 maidir le dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle le haghaidh na sainmhínithe ar choincheapa tábhachtacha eile a leagtar amach sa Treoir, mar shampla stóráil agus diúscairt.

([4]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/EURATOM ón gComhairle agus fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail agus na hionchais a bheidh ann amach anseo, an Tríú Tuarascáil https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=COM(2024)197&lang=en

([5]) Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas meastóireachta sin freisin Glao ar Fhianaise agus Comhairliúchán Poiblí (2026): https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14619-Radioactive-Waste-Directive-and-Shipments-Directive-evaluation_ga

Chomhphobal. Déantar achoimre i Roinn 3ar an measúnú ar an staid reatha maidir le cur chun feidhme na gcreataí agus clár náisiúnta faoin Treoir, lena gcuirtear i dtábhacht an dul chun cinn a rinneadh le déanaí agus na dúshláin atá fós gan réiteach.

2 DRAMHAÍL RADAIGHNÍOMHACH AGUS BREOSLA SPÍONTA SAN AONTAS EORPACH

2.1 Bunús na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta

Gineann na Ballstáit uile dramhaíl radaighníomhach trí réimse gníomhaíochtaí, ó fheidhmeanna leighis go giniúint leictreachais. Tagann formhór na dramhaíola radaighníomhaí ó ghléasraí cumhachta núicléiche agus ó ghníomhaíochtaí timthrialla breosla núicléach a bhaineann leo, agus gineann úsáid ábhar radaighníomhach nach mbaineann le cumhacht méideanna níos lú dramhaíola radaighníomhaí.

Cinneann gach Ballstát a mheascán giniúna leictreachais féin. In 2023, bhí gléasraí cumhachta núicléiche i mbun oibríochta in 12 thír ([6]). Bhí trí Bhallstát eile – an Ghearmáin, an Iodáil agus an Liotuáin – tar éis deireadh a chur lena gcláir cumhachta núicléiche agus a suiteálacha núicléacha a dhíchoimisiúnú.

In 2023, bhí 101 imoibreoir cumhachta núicléiche i mbun oibríochta([7]), bhí 74 imoibreoir cumhachta núicléiche dúnta go buan agus á ndíchoimisiúnú, agus bhí trí imoibreoir cumhachta núicléiche díchoimisiúnaithe go hiomlán. Ina theannta sin, bhí 30 imoibreoir taighde i mbun oibríochta in 12 thír ([8]) .

Déanann 17 mBallstát san iomlán bainistiú ar bhreosla núicléach spíonta ar a gcríoch féin freisin faoi láthair.

Is gníomhaíocht mhór do thionscal núicléach na hEorpa é díchoimisiúnú gléasraí cumhachta núicléiche. Tá díchoimisiúnú saoráidí núicléacha ar siúl go leanúnach sa cheathrú cuid de na Ballstáit, agus tá méadú ag teacht ar an méid dramhaíola radaighníomhaí mar thoradh ar an díchoimisiúnú.

2.2 Meastacháin fardail

Ag deireadh 2023, ba é fardal iomlán measta na dramhaíola radaighníomhaí san Aontas **2 593 000** m^3 (méadú 11 % ón tréimhse thuairiscithe roimhe sin, a chomhfhreagraíonn do mheántáirgeacht bhliantúil níos lú ná 65 000 m^3) . Léirítear i dTábla 1 an forbhreathnú ar an méid dramhaíola radaighníomhaí in 2023 i gcomparáid le 2019. Rinneadh thart ar 66 % (1 692 000 m³) den dramhaíl sin a dhiúscairt, agus bhí 34 % (901 000 m³) á stóráil agus ba ghá í a bhainistiú a thuilleadh fós. Faoi dheireadh 2023, 99,5 % de mhéid iomlán fhardal na

([6]) An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn. Ina theannta sin, cé nach bhfuil aon ghléasra cumhachta núicléiche aici laistigh dá teorainneacha náisiúnta féin, tá comhúinéireacht ag an gCróit leis an tSlóivéin ar stáisiún cumhachta núicléiche Krsko.

([7]) Féach Córas Faisnéise Imoibreora Cumhachta IAEA: https://www.iaea.org/pris.

([8]) Féach Bunachar Sonraí Imoibreora Taighde IAEA: https://nucleus.iaea.org/rrdb/home#/home.

dramhaíola radaighníomhaí san Aontas a bhí i gceist leis an méid dramhaíola radaighníomhaí sna 15 Bhallstát ag a bhfuil cláir cumhachta núicléiche ([9]).

Chuir formhór na mBallstát a bhfardal dramhaíola radaighníomhaí i láthair trí úsáid a bhaint as an scéim aicmithe a leagtar amach de réir threoir sábháilteachta GSG-1 de chuid na Gníomhaíochta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) ([10]) nó tá maitrísí curtha ar fáil acu lenar féidir sonraí a thiontú óna scéim aicmithe náisiúnta go dtí an scéim aicmithe atá molta ag IAEA. Bhain formhór na dtíortha úsáid freisin as an tacar comhchuibhithe sonraí chun fardail náisiúnta a thuairisciú, ar tacar é a d'ullmhaigh an Coimisiún, IAEA agus an Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach go comhpháirteach.

Léiríonn na sonraí, i gcás na dtíortha sin ina bhfuil bealaí diúscartha ar oscailt do dhramhaíl ar leibhéal an-íseal agus ar leibhéal íseal, gur cosúil go bhfuil an bpróiseas ó ghiniúint go diúscairt ag feidhmiú go maith go ginearálta. Ní hamhlaidh atá i gcás dramhaíl ar leibhéal idirmheánach, dramhaíl ardleibhéil agus breosla spíonta, toisc nach bhfuil aon saoráid diúscartha oibríochtúil ann faoi láthair chun na catagóirí sin a láimhseáil.

Tábla 1: An méid dramhaíola radaighníomhaí san Aontas in 2019 agus 2023.

Dramhaíl	**Méideanna dramhaíola radaighníomhaí an Aontais (m³, slánaithe go mílte*)**					
Aicme	**Arna stóráil**		**Arna diúscairt**		**Iomlán**	
Bliain	**2019**	**2023**	**2019**	**2023**	**2019**	**2023**
Dramhaíl ar leibhéal an-íseal	233 000	303 000	462 000	558 000	695 000	861 000
Dramhaíl ar leibhéal íseal	353 000	381 000	1 068 000	1 109 000	1 421 000	1 491 000
Dramhaíl ar leibhéal idirmheánach	191 000	211 000	22 000	25 000	213 000	236 000
Dramhaíl ardleibhéil	4 800	5 200	0	0	4 800	5 200
Iomlán (m^3)	**782 000**	**901 000**	**1 552 000**	**1 692 000**	**2 334 000**	**2 593 000**

* Ach amháin i gcás dramhaíl ardleibhéil, atá slánaithe go dtí na céadta.

Faoi dheireadh 2023, rinneadh thart ar **59 500 tHM** de bhreosla spíonta a stóráil san Aontas, (méadú thart ar 6 % ó 2019). Tá an breosla spíonta uile san Aontas á stóráil faoi láthair, toisc nach bhfuil saoráid diúscartha shibhialta le haghaidh breosla spíonta i mbun oibríochta aon áit ar domhan. Tá méideanna beaga breosla spíonta fós á seoladh lena n-athphróiseáil lasmuigh den Aontas; dá bhrí sin, meastar go gcuirfear dramhaíl radaighníomhach mar thoradh ar an athphróiseáil ar ais sna blianta amach romhainn ar a dhéanaí.

([9]) An Bheilg, an Bhulgáir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Liotuáin, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

([10]) [Aicmiú um Dhramhaíl Radaighníomhach', Treoir Ghinearálta Sábháilteachta, IAEA] Vín, 2009.

3 BAINISTIÚ SÁBHÁILTE AGUS FREAGRACH DRAMHAÍOLA RADAIGHNÍOMHAÍ AGUS BREOSLA SPÍONTA

3.1 Creataí agus cláir náisiúnta

Ar fud an Aontais, leanadh d'fheabhas a chur ar chreataí náisiúnta go ginearálta le blianta beaga anuas; tá sé léirithe go bhfuil na féinmheasúnuithe, arna neartú ag athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta, ar cheann de na nithe is mó a spreagann na forbairtí dearfacha sin.

Príomhoibleagáid amháin faoin Treoir is ea clár náisiúnta a fhorbairt – treochlár nó plean straitéiseach náisiúnta ina leagtar amach an chaoi a bhfuil beartais náisiúnta á gcur chun feidhme nó an chaoi a gcuirfear chun feidhme iad. Tá cláir náisiúnta i bhfeidhm ag na Ballstáit uile agus bíonn siad á bhforbairt go leanúnach. Le linn na tréimhse tuairiscithe, thug 11 Bhallstát fógra don Choimisiún faoina gcláir náisiúnta a tugadh cothrom le dáta. Mar sin féin, bhí cásanna ann freisin nach ndearna na Ballstáit cláir náisiúnta a athbhreithniú ná a thabhairt cothrom le dáta chomh tráthrialta agus a leagtar amach ina reachtaíocht náisiúnta. Tá cur chun feidhme seasta na gclár náisiúnta agus iad a thabhairt cothrom le dáta go pras ina saintréithe de bhainistiú freagrach dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta. Chuige sin, éilítear ar na Ballstáit an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an bpleanáil, acmhainní leormhaithe a ghealladh, na gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna is gá a dhéanamh agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara eile a áirithiú.

Níl aon sárú leanúnach ann a bhaineann le trasuí na Treorach agus na gcreataí náisiúnta. Le linn na dtimthriallta tuairiscithe roimhe seo, áfach, b'éigean don Choimisiún roinnt nósanna imeachta a thionscnamh in aghaidh roinnt Ballstát maidir le cur chun feidhme na Treorach agus i dtaca le comhlíonadh cheanglais na Treorach i gcás a gclár náisiúnta. Faoi dheireadh 2025, bhí 16 nós imeachta um shárú ar siúl([11]) .

3.2 Údaráis inniúla

Deonaítear neamhspleáchas teicniúil agus airgeadais d'údaráis rialála inniúla, ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear i dtuarascálacha náisiúnta.

Tá foireann leordhóthanach rialtóirí fíor-riachtanach chun cláir náisiúnta a chur i bhfeidhm go sábháilte agus go héifeachtach. Mar gheall ar an spéis agus na hinfheistíochtaí nua a rinneadh le déanaí i dtionscadail fuinnimh núicléach, is gá do na Ballstáit neartú a n-údarás inniúil a réamh-mheas, lena n-áirítear chun dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a bhainistiú go sábháilte. Tá anailís curtha ar fáil ag an gCoimisiún ar na riachtanais a bhaineann le himoibreoirí nua agus le hoibríochtaí fadtéarmacha sa chlár léiriúcháin núicléach is déanaí (PINC)([12]), agus aird á tabhairt ar na cineálacha éagsúla cur chuige riaracháin atá ag na Ballstáit éagsúla.

([11]) An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin.

([12]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, An Clár Léiriúcháin Núicléach a chuirtear i láthair faoi Airteagal 40 de Chonradh Euratom – Críochnaitheach (tar éis tuairim a fháil ó CESE), COM/2026/120 final an 10.3.2026, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52026DC0120.

3.3 Beartais chiorclaíochta agus diúscartha

Ba cheart an ghiniúint dramhaíola radaighníomhaí, chomh maith leis an méid dramhaíola radaighníomhaí atá le diúscairt, a choinneáil chomh híseal is indéanta le réasún. Tá na roghanna mar imréiteach ábhar ó rialú rialála agus a n-athúsáid nó a n-athchúrsáil ina dhiaidh sin le feiceáil go háirithe i ngníomhaíochtaí leanúnacha díchoimisiúnúcháin.

Cé go bhfuil sé beartaithe ag formhór na mBallstát dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a dhiúscairt ina gcríoch féin, níl a gcinneadh deiridh déanta ag gach ceann acu agus tá an fhéidearthacht maidir le réitigh chomhpháirteacha ilnáisiúnta diúscartha fós á meas ag cuid acu. Tá an treoirthionscadal 'Togra le haghaidh Cur Chuige Comhpháirteach Eorpach i leith Dramhaíl Radaighníomhach'([13]) curtha i gcrích ag an gCoimisiún, ina bhfuil an oiread údarás náisiúnta agus is féidir rannpháirteach chun fóram a chur ar bun chun réitigh fhéideartha chomhpháirteacha a phlé maidir le bainistiú dramhaíola san Eoraip.

Tá sé beartaithe ag na Ballstáit ag a bhfuil cláir cumhachta núicléiche a gcuid breosla spíonta a dhiúscairt i saoráidí geolaíocha doimhne. Tá roinnt tíortha ag athphróiseáil a gcuid breosla spíonta, agus níl cinneadh déanta ag tíortha eile maidir leis sin.

Tá sé beartaithe tús a chur le hoibríochtaí sa chéad saoráid diúscartha breosla spíonta san Fhionlainn faoi 2027. Sa tSualainn agus sa Fhrainc, tá tionscadail infheistíochta le haghaidh tógáil saoráidí comhchosúla ar siúl agus tá coinne ann go gcuirfear i gcrích iad sna 10 mbliana amach romhainn. I gcomparáid leis an tuarascáil roimhe seo, tá níos mó Ballstát ag obair go gníomhach ar chéimeanna ullmhúcháin éagsúla le haghaidh saoráidí geolaíocha doimhne. Na dátaí atá beartaithe chun formhór na stórtha geolaíocha doimhne a choimisiúnú le haghaidh dramhaíl ardleibhéil agus breosla spíonta, titeann siad faoi láthair idir 2050 agus 2075.

3.4 Measúnuithe costais agus maoiniú

Chuir beagnach gach Ballstát faisnéis ar fáil maidir leis an measúnú costais ar a gcláir náisiúnta. In 2023, thart ar EUR 300 billiún ab ea an costas iomlán fós a ndearnadh measúnú air ar dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta ([14]) a bhainistiú san Aontas, i gcomhréir leis na tuarascálacha roimhe seo ón gCoimisiún.

Tá éagsúlacht mhór sna meastacháin náisiúnta ó thaobh modheolaíochta, toimhdí, iomláine sonraí, raon feidhme agus amchlár de toisc go dteastaíonn cineálacha éagsúla cur chuige intíre i leith imthosca náisiúnta éagsúla. Chun leibhéal níos airde trédhearcachta agus slándáil cistiúcháin níos fearr a bhaint amach, tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit tríd an ngrúpa saineolaithe ar Chúlghnéithe Airgeadais Núicléacha([15]) chun treoraíocht a chur ar fáil maidir le tuairisciú a dhéanamh ar chostais na gclár náisiúnta le haghaidh bainistiú dramhaíola

([13]) Ar bhonn an tionscnaimh ó Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, áiríodh an maoiniú i mbuiséad an Aontais. https://energy.ec.europa.eu/document/download/b74f0a8f-ef96-45ce-8301-5c8d86b9c5d1_en?filename=C_2023_4577_1_EN_annexe_acte_autonome_nlw_part1_v1.pdf

([14]) Ciallaíonn 'costas measta iomlán ar dhramhaíl radaighníomhach a bhainistiú' an costas iomlán comhiomlánaithe ar chláir náisiúnta Bhallstáit uile an Aontais lena gcumhdaítear gach cineál breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí faoina ndlínse agus gach céim de bhainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt.

([15]) https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3777.

radaighníomhaí agus breosla spíonta.

Chuir formhór na mBallstát faisnéis ar fáil freisin maidir leis na scéimeanna maoiniúcháin chun cláir náisiúnta a chur chun feidhme, agus freagracht na dtáirgeoirí dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta á cur san áireamh. Tá difríochtaí móra sna scéimeanna sin, agus tá roinnt Ballstát ag brath ar tháille a thoibhítear ar ghiniúint leictreachais, tá Ballstáit eile ag brath ar íocaíochtaí ar bhonn shaintréithe na dramhaíola, agus tá roinnt Ballstát ag brath ar bhuiséad an stáit.

Ós rud é nach dtabhaítear caiteachas de ghnáth ach amháin tar éis ábhair radaighníomhacha nó breosla núicléach a úsáid – roinnt blianta ina dhiaidh sin i gcásanna áirithe – ní mór costais iar-úsáide a chur san áireamh ag céim luath de ghníomhaíochtaí núicléacha nua. In PINC, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil tiomantas an rialtais agus cistiú leordhóthanach ó tháirgeoirí dramhaíola le haghaidh díchoimisiúnú éifeachtach agus bainistiú freagrach dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ríthábhachtach chun sábháilteacht agus tacaíocht leanúnach phoiblí d'úsáid fuinnimh núicléach a áirithiú.

3.5 Faireachán agus tuairisciú ar chláir

Tá dul chun cinn déanta ag roinnt Ballstát maidir le príomhtháscairí feidhmíochta a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le faireachán éifeachtach ar dhul chun cinn agus tuairisciú éifeachtach feidhmíochta a áirithiú.

Bhí tuairisciú ar na gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána a bhfuil gá leo chun réitigh a chur chun feidhme maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta, an-ghinearálta i bhformhór na gcásanna. Moltar do na Ballstáit faisnéis níos sonraí agus níos spriocdhírithe a chur ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí sin. Tugann an Coimisiún dá aire ar chaoi dhearfach go mbaineann formhór na mBallstát úsáid as an gComhpháirtíocht Eorpach leanúnach um Bainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí ([16]).

3.6 Trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí

Níor thuairiscigh na Ballstáit nuashonruithe móra maidir le bearta agus cineálacha cur chuige i leith trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé na ceanglais trédhearcachta agus rannpháirtíochta poiblí a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear trí fhaisnéis shonrach a chur ar fáil maidir le cleachtais agus tuairisciú á dhéanamh don Choimisiún.

4 CONCLÚIDÍ

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bainistíodh dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta go sábháilte sna Ballstáit. Tá creataí agus cláir náisiúnta i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh agus cuireadh iad ar bun ar bhealach trédhearcach agus rannpháirteach go ginearálta. Ba cheart do na Ballstáit uile a áirithiú go bhfuil a gcláir náisiúnta cothrom le dáta. Ba chosúil

([16]) https://www.ejp-eurad.eu/.

go raibh córas na bhféinmheasúnuithe agus na n-athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta comhsheasmhach leis na riachtanais agus go bhfuil sé ag spreagadh nuashonruithe agus feabhsú leanúnach ar bhainistiú dramhaíola.

Maidir leis an sciar is mó de dhramhaíl radaighníomhach de réir toirte, baineadh úsáid as réitigh shábháilte le haghaidh bainistiú (lena n-áirítear diúscairt), mar a léiríodh arís leis an méadú ar mhéideanna diúscartha i gcomparáid leis an laghdú ar mhéideanna stóráilte. Ar an iomlán, tá formhór na mBallstát ag obair chun saoráidí diúscartha a fhorbairt. Mar sin féin, níl straitéisí bainistíochta atá sainithe go soiléir fós ag roinnt acu maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta, rud a chuireann bac ar a ndul chun cinn.

Is iad faireachán agus cistiú chláir náisiúnta na mBallstát na príomh-shaincheisteanna gan réiteach ar gá do na húdaráis náisiúnta aird a thabhairt orthu. Bíonn measúnuithe costais as dáta uaireanta nó ní bhíonn siad cuimsitheach go leor. Is féidir leis sin difear a dhéanamh d'éifeachtacht na scéimeanna maoiniúcháin agus an baol a bheith mar gheall air sin nach mbeidh siad leordhóthanach chun costais a bheidh ann amach anseo a chumhdach, rud a chuirfidh ualach míchuí ar na glúine atá le teacht. Tá gníomhaíochtaí leanúnacha ann cheana féin a bhaineann le treoraíocht maidir tuairisciú a dhéanamh ar chostais na gclár náisiúnta ([17]). Mar sin féin, tá réimsí breise ann ina dtacódh critéir tuairiscithe níos sonraí leis na Ballstáit a dtuarascálacha náisiúnta a ullmhú.

([17]) Dréacht-treoirlínte ó ghrúpa saineolaithe ar Chúlghnéithe Airgeadais Núicléacha maidir le tuairisciú a dhéanamh ar chostais na gclár náisiúnta le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=3777